

TREOIRDHOI CIMÉAD MAIDIR LE SMACHTBHA

Meán Fómhair 2021

Réamhrá

Má chuirtear gearán ar aghaidh chuig Coiste Araíonachta na Comhairle Múinteoireachta lena fhiosrú, déanfaidh painéal den Choiste Araíonachta ar a bhfuil triúr a laghad agus cúigear ar a mhéad, ar múinteoirí cláraithe iad an tromlach (“an Painéal”) an fiosrúchán a réachtáil.

Ar thabhairt chun críche an fhiosrúcháin, d’fhéadfadh an Painéal:

An gearán a dhíbhe in imthosca nach dtagann an Painéal:

1. An gearán a chaitheamh amach i gcúinsí:

- a) Áit nach ndéanann an Painéal cinneadh ar bith maidir le gearán faoi cheachtar de na forais a leagtar amach faoi alt 42(1)(a) go (h) den Acht, nó
- b) áit nach bhfuil an Painéal sásta, i dtaca le gearán atá déanta faoi fho-alt (1D) d’alt 42, agus cosaint leanaí agus daoine soghonta á tabhairt ar aird aige, go bhfuil baol ann go bhféadfadh an múinteoir dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó iarracht a dhéanamh dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó duine eile a ghríosú le dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta.

2. Cinneadh a dhéanamh smachtbhanna a fhorchur ar an múinteoir cláraithe nó gan a fhorchur faoi alt 44 den Acht, sa chás go ndéanann an Painéal, ar thabhairt a thuarascáil chun críche agus tar éis aon aighneachtaí ó na páirtithe a mheas maidir le smachtbhanna:

- i. Cinneadh nó cinní ar fhoras amháin nó níos mó mar a leagtar amach in alt 42(1)(a) go (h) den Acht, nó
- ii. Tá an Painéal sásta ó thaobh an ggearáin a rinneadh faoi fho-alt (1D) d’alt 42, agus cosaint leanaí agus daoine soghonta á dtabhairt ar aird acu, go bhfuil baol ann go bhféadfadh an múinteoir dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, a bheith mar chúis le dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta nó iarracht a dhéanamh dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta, nó duine eile a ghríosú le dochar a dhéanamh d’aon leanbh nó d’aon duine soghonta.

Is treirdhoiciméad é seo chun cuidiú le painéil an Choiste Araíonachta maidir le huimhir 2 thuas.

1. Rogha an Phainéil

- 1.1 Ní mór don Phainéal a mbreithiúnas féin a chur i bhfeidhm i gcónaí agus cinntí á ndéanamh aige agus ní mór dó na cúinsí áirithe a bhaineann le gach cás a mheas. Níl an treirdhoiciméad seo leagtha amach le srian a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta seo. Ní sholáthraíonn an treirdhoiciméad seo liosta prionsabal nó tosca uileghabhálacha nó saintreoracha nach mór don Phainéal a mheas.
- 1.2 Mar sin féin, ar mhaithe le comhsheasmhacht agus trédhearcacht ghinearálta de chur chuige an Phainéil a chinntiú, ba chóir cinntí a dhéanamh agus an aird chuí á tabhairt ar an treoir seo.

2. Aighneachtaí

- 2.1 Tabharfar cuireadh, roimh chinneadh a dhéanamh maidir leis an smachtbhanna, do na páirtithe, lena n-áirítear, an Stiúrthóir (agus ionadaithe dlíthiúla an Stiúrthóra) agus don mhúinteoir cláraithe (agus dá ionadaithe/dá hionadaithe), le haighneacht ó bhéal nó i scríbhinn a chur faoi bhráid an Phainéil maidir le haon smachtbhanna a d'fhéadfadh an Painéal a fhorchur ar chlárú an mhúinteora chláraithe. Ní mór don Phainéal na haighneachtaí go léir a mheas.

3. Measúnóir Dlí

- 3.1 Féadfaidh measúnóir dlí comhairle a chur ar an bPainéal maidir le hábhair ábhartha dlí agus nós imeachta, arna éileamh ag an bPainéal, agus féadfaidh an measúnóir dlí idirghabháil a dhéanamh am ar bith le linn na n-imeachtaí má chreideann sé/sí go bhfuil gá lena leithéid a dhéanamh.
- 3.2 Ní bheidh an measúnóir dlí rannpháirteach i bpróiseas cinnteoireachta an Phainéil ach is féidir leis/léi a bheith i láthair ag breithniúcháin an Phainéil, ar iarratas ón bPainéal.
- 3.3 Má tá comhairle dlí ag teastáil ón bPainéal, ba chóir dóibh é sin a fháil ó mheasúnóir dlí an Phainéil. Sula ngníomhaíonn an Painéal ar an gcomhairle sin, ba chóir don mheasúnóir dlí na páirtithe a chur ar an eolas maidir leis an

gcomhairle a tugadh. Ní mór an deis a thabhairt don dá pháirtí aighneachtaí a dhéanamh bunaithe ar an gcomhairle sin. Is féidir leis an measúnóir dlí a chomhairle/a comhairle don Phainéal a athrú ansin i bhfianaise na naighneachtaí atá déanta.

3.4 Ba chóir don Phainéal an chomhairle dlí agus na haighneachtaí a rinneadh go príobháideach a mheas ansin agus cúiseanna a thabhairt lena chinneadh.

4. Smachtbhanna atá ar fáil don Phainéal faoi Alt 44 (1) (a)-(d)

4.1 De bhun alt 44(1) de na hAchtanna, féadfaidh an Painéal cinneadh a dhéanamh—

- a) go mbaintear an múinteoir cláraithe den chlár agus nach bhfuil sé/sí i dteideal iarratas a dhéanamh lena chur nó lena cur ar ais ar an gclár faoi alt 31 roimh dheireadh cibé tréimhse, dar tosach an dáta a bhainfear den chlár é nó í, a shonróidh an Painéal sa chinneadh,
- b) go ndéanfar an múinteoir cláraithe a chur ar fionraí ón gclár ar feadh na tréimhse a shonróidh an Painéal, ar tréimhse í nach faide ná 2 bhliain,
- c) go gcoimeádfar an múinteoir cláraithe ar an gclár faoi réir gach coinníll nó aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:
 - i) go n-iarrfaidh an múinteoir cúnamh ó cibé seirbhís, a bhaineann le sláinte agus leas múinteoirí, a bheidh ar fáil;
 - ii) go bhfreastalóidh an múinteoir ar chúrsa sonraithe forbartha gairmiúla, nó ar a leithéid de chúrsa eile a mheasfaidh an Painéal is cuí;
 - iii) an tréimhse ar lena linn a gcomhlíonfaidh an múinteoir coinníollacha an choimeáda ar an gclár;
 - iv) cibé coinníollacha eile is cuí leis an bPainéal.
- d) Comhairle, rabhadh a thabhairt nó cáineadh a dhéanamh ar an múinteoir cláraithe i scríbhinn.

- 4.2 Féadfaidh an Painéal smachtbhannaí a nascadh le chéile, más cuí.
- 4.3 Ní mór don Phainéal, agus an smachtbhanna á mheas acu, na roghanna go léir atá ar fáil dóibh de bhun alt 44 (1) (a)-(d) de na hAchtanna a mheas agus tús a chur lena machnaimh maidir le smachtbhanna nach bhfuil chomh dochraideach sin a forchur.

5. Cinneadh/Cinntí an Phainéil

- 5.1 Agus smachtbhanna á mheas aige, ní thabharfaidh an Painéal athchuart ar chinneadh/cinntí maidir le líomhaintí, a bheidh le fáil i dtuarascáil an Phainéil, a ullmhófar ar thabhairt chun críche an fhiosrúcháin.

6. An Cuspóir atá leis an Smachtbhanna

- 6.1 Is é atá mar phríomhaidhm le smachtbhanna ná an pobal a chosaint seachas pionós a ghearradh ar mhúinteoir cláraithe.
- 6.2 Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Painéal an méid seo a leanas a mheas:
- Cuidiú leis an múinteoir cláraithe chun teacht chuige féin/chuici féin agus stop a chur leis an múinteoir cláraithe ó bheith rannpháirteach in iompar is ábhar don ghearán amach anseo;
 - Cothabháil a dhéanamh ar mhuintín an phobail i múinteoirí, i gcaighdeáin mhúinteoireachta agus in ionracas ghairm na múinteoireachta;
 - Leasanna an mhúinteora cláraithe, lena n-áirítear, aon toisc mhaolaitheach a d'fhéadfadh a bheith curtha faoi bhráid aige/aici.

7. Tosca atá le cur san áireamh agus smachtbhanna á fhorchur

- 7.1 Ba chóir go mbeadh cinneadh an Phainéil bunaithe ar chinneadh/ar chinntí a thagann ón bhfiosrúchán.

7.2 Cuirfidh an Painéal na hábhair seo a leanas san áireamh agus smachtbhannaí á bhforchur aige le linn dó a thabhairt chun cuimhne gurb é an cuspóir atá leis an gcinneadh go príomha ná an pobal a chosaint:

a) *Comhréireacht*

Agus cinneadh á dhéanamh maidir le cad iad na smachtbhannaí atá le forchur, cuirfidh an Painéal prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm, a dhéanann cothromú ar chothabháil caighdeáin iompair gairmiúla múinteoirí agus leasanna an phobail i gcoinne leasanna an mhúinteora chláraithe.

b) *Maolú*

Tabharfaidh an Painéal, in aon chás atá curtha faoina bhráid, an aird chuí ar aon fhianaise atá curtha i láthair trí mhaolú, ón múinteoir cláraithe nó thar ceann an mhúinteora chláraithe. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh:

- fianaise ar charachtar nó teistiméireachtaí;
- an t-am imithe ó tharla an eachtra/na heachtraí;
- aon leithscéal a ghabhadh leis an ngearánach/leis an duine atá i gceist;
- míchumas;
- breoiteacht;
- easpa taithí/soghontacht/éigeantas/gríosú;
- na himthosca a bhain leis an eachtra/na heachtraí leis na himthosca roimh an eachtra/na heachtraí a bhí i gceist curtha san áireamh;
- iarracht le cosc a chur ar a leithéid d'iompar/gníomhartha ó bheith ag tarlú arís.

Agus an fhianaise ar charachtar nó na teistiméireachtaí a chuir an múinteoir cláraithe isteach maidir le maolú á meas, ní mór don Phainéal meas a dhéanamh ar cé chomh cothrom le dáta agus atá siad, an cineál soláthraithe atá i gceist, cibé a raibh na soláthraithe ar an eolas maidir leis an líomhain/na líomhaintí i gcoinne an mhúinteora agus ar chuir siad teistiméireacht ar fáil agus iad ar an eolas go mbainfí úsáid as an ábhar sin laistigh de chomhthéacs na n-imeachtaí maidir le feidhmiúlacht chun múineadh.

Braitheann cé mhéad ba chóir don mhaolú tionchar a bheith aige ar chinneadh an Phainéil ar imthosca aonair an cháis agus is de réir rogha an Phainéil atá sé sin.

c) *Léargas*

Tá an t-ionchas go nglacfaidh múinteoir leis, ar fhéachaint siar dó/di, gur chóir go n-iompródh sé/sí iad féin ar bhealach difriúil agus go bhfuil céimeanna glactha aige/aici sa chaoi nach dtarlóidh a leithéid arís, mar thoisic don Phainéal lena mheas. D'fhéadfaí breathnú siar/léargas a léiriú má ghabhann an cláraí leithscéal, trí chéimeanna a ghlacadh lena chinntiú nach dtarlóidh eachtra ar nós an eachtra a bhí mar chúis leis an ngearán ina leith arís nó trí admhálacha an chláraí. Beidh an Painéal ar an eolas, go bhféadfadh sé nach mbeadh an múinteoir cláraithe i suíomh, mar gheall ar chúiseanna seachtracha, le leithscéal a ghabháil nó d'fhéadfadh comhairle a bheith faighte aige/aici gan leithscéal a ghabháil.

d) *Toradh/Impleachtaí*

D'fhéadfadh toradh/impleachtaí ar iompar an mhúinteora chláráithe do dhaoine eile lena mbaineann a bheith ábhartha nuair atá meas á dhéanamh ar cé chomh tromchúiseach agus a bhí gníomh nó faillí an mhúinteora chláráithe. D'fhéadfadh sé, áfach, nach mbeadh aon torthaí díobhálacha ann do dhaoine eile mar gheall ar earráid tromchúiseach, cé go bhféadfadh torthaí díobhálacha a bheith ann mar gheall ar mhionearráid. Dá bhrí sin, cé go bhféadfadh toradh nó impleachtaí a bheith ábhartha, níl hé an breithniú is tábhachtaí é. Tá cosaint an phobail ar an mbreithniú is tábhachtaí.

e) *Tosca a dhéanann rudaí níos measa*

D'fhéadfadh an Painéal aon tosca a dhéanann rudaí níos measa a chur san áireamh freisin i dtaca le hiompar an mhúinteora chláráithe, ar nós:

- Cé chomh tromchúiseach agus atá na hábhair atá faoi chaibidil;

- Cé acu ar baineadh mí-úsáid as an seasamh iontaofa agus/nó a raibh sé mar chúis leis dochar a dhéanamh don leanbh/dalta;
- Cé acu atá comhartha ann ó thaobh patrúin iompair seachas eachtra aon uaire;
- Cé chomh mór agus a raibh an t-iompar nó an gníomh ann in aon turas nó a raibh sé beartaithe;
- Carachtar agus stair an mhúinteora chláraithe roimhe seo.

f) *Smachtbhannaí roimhe seo*

D'fhéadfadh sé, tar éis éisteacht leis an bhfianaise go léir ag an bhfiosrúchán agus tar éis don Phainéal a thuarascáil ina bhfuil a chuid cinntí a chríochnú, go gcuirfí an Painéal ar an eolas maidir le cinntí roimhe seo maidir leis an múinteoir cláraithe chun críche cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhanna oiriúnach. Ba chóir don Phainéal comhairle a fháil óna mheasúnóir dlí agus tábhacht cinntí den sórt sin a bhí déanta roimhe seo á meas aige.

8. Cinneadh gan aon smachtbhanna a fhorchur

8.1 Sa chás cinneadh nó cinntí a bheith déanta ag an bPainéal, d'fhéadfadh sé, ach níl sé faoi cheangal, smachtbhanna a fhorchur ar mhúinteoir cláraithe. D'fhéadfadh sé go ndéanfadh an Painéal cinneadh nach bhfuil sé cuí, sna cúinsí aon smachtbhanna a fhorchur ar an múinteoir cláraithe, tar éis dóibh an treoir seo a mheas, lena n-áirítear, na tosca atá liostaithe ag 7.2 thuas.

9. Comhairle, rabhadh a thabhairt nó cáineadh a dhéanamh i scríbhinn

9.1 Déantar foráil in Alt 44 de na hAchtanna go bhféadfadh an Painéal cinneadh a dhéanamh ceann de na smachtbhannaí ar scála aistritheach a thabhairt, is é sin comhairle, rabhadh a thabhairt nó cáineadh a dhéanamh i scríbhinn. D'fhéadfadh sé sin a bheith oiriúnach i gcúinsí nach bhfuil na cinntí chomh tromchúiseach sin. Tá comhairle ar an gceann is lú dochraide de na smachtbhannaí seo, agus rabhadh ina diaidh sin agus ansin cáineadh a dhéanamh i scríbhinn.

9.2 Is féidir na smachtbhannaí seo, cé nach bhfuil siad sainmhínithe sna hAchtanna, a shainmhíniú i dtéarmaí leathana mar a leanas:

- a. Comhairle – comhairle a thabhairt don mhúinteoir maidir lena (h)iompar amach anseo
- b. Rabhadh a thabhairt – iomardú (íde béil) láidir a thabhairt
- c. Cáineadh a dhéanamh – míshástacht tromchúiseach a léiriú

9.3 Tá na smachtbhannaí seo ar an gcuid de na smachtbhannaí is lú sriantachta is féidir a fhorchur agus ní chuireann siad srian ar chumas an mhúinteora cláraithe múineadh a dhéanamh. Léiríonn na smachtbhannaí seo míshástacht na Comhairle Múinteoireachta maidir le líomhaintí atá cruthaithe agus is rabhadh atá iontu nár chóir go dtarlódh an t-iompar seo arís.

9.4 Ba chóir don Phainéal plé a dhéanamh cé acu atá sé leordhóthanach smachtbhanna de chomhairle, rabhadh a thabhairt nó cáineadh a dhéanamh i scríbhinn, a fhorchur, tar éis dó an treoir seo a mheas, lena n-áirítear, na tosca atá liostaithe ag 7.2 thuas. Mura ndéantar é sin, ansin breathnóidh an Painéal ar choinníollacha a chur le clárú an mhúinteora chláraithe.

10. Cur i bhfeidhm na gcoinníollacha

10.1 Luaitear in Alt 44(c) de na hAchtanna, go bhféadfaí an múinteoir cláraithe a choimeád ar an gclár faoi réir gach coinníll nó aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- a) go n-iarrfaidh an múinteoir cúnamh ó cibé seirbhís, a bhaineann le sláinte agus leas múinteoirí, a bheidh ar fáil;
- b) go bhfreastalóidh an múinteoir ar chúrsa sonraithe forbartha gairmiúla, nó ar a leithéid de chúrsa eile a mheasfaidh an Painéal is cúí;
- c) an tréimhse laistigh ina gcomhlíonfaidh an múinteoir coinníollacha an choimeáda ar an gclár;
- d) cibé coinníollacha eile is cúí leis an bPainéal.

- 10.2 Is ionann clárú coinníollach agus bealach leis an múinteoir cláraithe a shrianadh le súil lena chinntiú go nglactar gach gníomh ceartaitheach atá cuí sna cúinsí.
- 10.3 D'fhéadfadh clárú coinníollach a bheith mar smachtbhanna cuí le forfheidhmiú sa chás:-
- a) Go bhfuil sé indéanta réimsí sonracha ó thaobh iompar nó inniúlacht an mhúinteora chláraithe lena mbaineann saincheist a aithint a d'fhéadfaí a rialú/a fheabhsú go héifeachtach, go cuí agus go praiticiúil trí choinníollacha a fhorchur;
 - b) Go dtabharfaidh clárú coinníollach cosaint leordhóthanach don phobal (lena náirítear scoláirí agus comhghleacaithe) ó bhaol díobhála. De rogha air sin, d'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhaol ann ó thaobh díobhála i láthair na huaire;
 - c) Go bhfuil an acmhainneacht agus an toilteanas á léiriú ag an múinteoir cláraithe maidir le freagairt go dearfach d'fhorchur coinníollacha ar a chlárú/a clárú.
 - d) Gur féidir coinníollacha cuí a chur le chéile agus gur féidir leis an múinteoir cláraithe na coinníollacha sin a chomhlíonadh.
- 10.4 Má dhéantar cinneadh maidir le clárú faoi réir coinníollacha, ba chóir don Phainéal agus cinneadh á dhéanamh aige cad iad na coinníollacha atá le forchur, a bheith airdeallach nach mór do na coinníollacha a bheith soiléir, éifeachtach, cuí, praiticiúil, a bheith sonraithe ó thaobh ama de agus a bheith intomhaiste.
- 10.5 Níor chóir go mbeadh tionchar, in aon turas nó seachas sin, ag aon choinníollacha, ar chosc a chur ar an múinteoir ó bheith ag múineadh.
- 10.6 Ba chóir don Phainéal a mheas cé acu atá sé leordhóthanach coinníollacha a fhorchur, tar éis dóibh an treoir seo a mheas, lena n-áirítear na tosca atá liostaithe ag 7.2 thuas. Mura bhfuil, ansin ba chóir don Phainéal a mheas cé acu ar chóir an múinteoir a chur ar fionraí ón gclár. Is féidir coinníollacha a fhorchur chomh maith leis an smachtbhanna maidir le comhairle, rabhadh a thabhairt nó cáineadh a dhéanamh i scríbhinn.

11. Ar Fionraí ón gClár

- 11.1 Tá tionchar pionósach i gceist le bheith ar fionraí ón gclár, sa mhéid is go gcuireann sé cosc ar an múinteoir cláraithe atá fostaithe i scoil aitheanta a fhaigheann tuarastal ón gciste a chuireann an tOireachtas ar fáil, ó bheith ag múineadh (agus dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé cosc a chur ar an múinteoir ó shlí bheatha a shaothrú le linn na tréimhse ar fionraí)
- 11.2 Eascróidh fionraí sa chás go gcruthaítear ábhair thromchúiseacha ach nach raibh chomh tromchúiseach sin le bheith mar údar leis an múinteoir a bhaint den chlár (mar shampla, sa chás gur admháíodh an locht agus sa chás an Painéal a bheith sásta nach dócha go dtarlóidh an t-iompar nó an eachtra arís).
- 11.3 D'fhéadfadh fionraí ón gclár a bheith cuí sa chás go bhfuil an Painéal sásta:
- a) nach bhfuil an cinneadh nó na cinntí i gcoinne an mhúinteora cláraithe neamhchomhoiriúnach go bunúsach ó thaobh leanúint ar aghaidh mar mhúinteoir cláraithe amach anseo, sa mhéid go bhféadfadh toradh nach bhfuil chomh trom sin leas an phobail a shásamh seachas an múinteoir a bhaint den chlár;
 - b) go bhfuil fianaise maidir le léargas/tuiscint léirithe ag an múinteoir cláraithe agus nach bhfuil baol mór ann go dtarlóidh an t-iompar a bhí mar ábhar an fhiosrúchán arís.
- 11.4 Tá an tréimhse fionraí ón gclár faoi réir rogha an Phainéil, ag brath ar cé chomh tromchúiseach agus atá an cás áirithe agus ní féidir an tréimhse fionraí maireachtáil níos faide ná dhá bhliain.
- 11.5 Ba chóir don Phainéal a chur sa áireamh cé acu atá forchur fionraí leordhóthanach tar éis dó an treoir seo a mheas, lena n-áirítear, na tosca atá liostaithe ag 7.2 thuas. Mura bhfuil, ansin ba chóir don Phainéal plé a dhéanamh cé acu ar chóir an múinteoir a bhaint den chlár.

12. Múinteoir Cláraithe a Bhaint den Chlár

- 12.1 Tá baint den chlár oiriúnach sa chás:

- a) gurb é an t-aon bhealach é leis an bpobal a chosaint, scoláirí agus múinteoirí go háirithe, agus an t-aon bhealach le cothabháil a dhéanamh ar mhuintín an phobail i ngairm na múinteoireachta;
- b) go bhfuil an cinneadh nó na cinntí neamh-chomhoiriúnach go bunúsach le leanúint ar aghaidh mar mhúinteoir cláraithe;
- c) go raibh fianaise ó thaobh pearsantachta díobhálaí ann a bhí fréamhaithe go daingean nó go raibh fadhbanna i gceist de bharr meoin.

12.2 Nuair a bhaintear ainm múinteora cláraithe den chlár, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé/sí i dteideal iarratas a dhéanamh le bheith curtha ar ais ar an gclár roimh dhul in éag na tréimhse sonraithe, arna chinneadh ag an bPainéal.

12.3 Beidh cé acu atá baint den chlár oiriúnach ag brath ar na fíricí áirithe i ngach aon chás. Ba chóir don Phainéal an treoir seo a mheas, lena n-áirítear, na tosca atá liostaithe ag 7.2 thuas, le linn dó cinneadh a dhéanamh cé acu atá sé leordhóthanach múinteoir a bhaint den chlár.

13. Doiciméad Tuarascála/ Cinnidh

13.1 Nuair a dhéanann an Painéal aighneachtaí ar bith a mheas, ullmhóidh an Painéal doiciméad ina leagtar amach an t-ábhar a bhí faoi bhráid an Phainéil nuair a bhí an smachtbhanna á mheas aige, agus aire á tabhairt ar na haighneachtaí ó bhéal agus/nó i scríbhinn (más ann dóibh), agus aire á tabhairt ar chinneadh an Phainéil maidir le haon smachtbhanna/smachtbhannaí atá le forchur.

13.2 Tabharfaidh an Painéal cúiseanna leis an gcinneadh a rinne siad maidir le haon smachtbhanna/smachtbhannaí a fhorchur.

13.3 Má tá an fiosrúchán tugtha chun críche trí ghealltanas agus/nó toiliú a fháil ón múinteoir cláraithe de réir alt 43(6) agus alt 43(7) de na hAchtanna, deimhneoidh tuarascáil an Phainéil na bearta úd.

14. Fógra ón gCoiste Araíonachta tar éis don Phainéal cinneadh a dhéanamh smachtbhanna a fhorchur

14.1 Soláthróidh an Coiste Araíonachta, trí fhógra i scríbhinn, laistigh de 21 lá tar éis don Phainéal cinneadh a dhéanamh maidir le smachtbhanna, de réir alt 44 de na hAchtanna, cóip den chinneadh agus na cúiseanna leis an gcinneadh do na daoine seo a leanas:

- a) an gearánach;
- b) an múinteoir cláraithe agus a (h)ionadaithe;
- c) áit a bhfuil an múinteoir cláraithe fostaithe mar mhúinteoir, a f(h)ostaithe agus;
- d) an tAire.

14.2 Cuirfear an múinteoir cláraithe ar an eolas go bhféadfaidh sé/sí, laistigh de 21 lá ó dháta seirbheála an fhógra, iarratas a dhéanamh chuig an Ard-Chúirt chun an cinneadh a neamhniú/chealú de bhun alt 44(3) den Acht.

15. Coinníollacha coimeáda ar an gclár a chomhlíonadh

15.1 Sá chás múinteoir cláraithe a choimeád ar an gclár faoi réir coinníollacha, lena n-áirítear coinníoll maidir leis an tréimhse ar lena linn a gcomhlíonfaidh an múinteoir coinníollacha an choimeáda, féadfaidh an múinteoir iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an gCoiste Araíonachta, laistigh den tréimhse shonraithe, ar shíneadh ama a fháil ar an tréimhse sin. Is de réir rogha an Choiste a dhéanfar aon síneadh ama a thabhairt ar an tréimhse shonraithe. Cuirfidh an Coiste an múinteoir cláraithe ar an eolas i scríbhinn chomh luath agus is féidir maidir lena chinneadh ó thaobh an iarratais. Tabharfaidh an Coiste na cúiseanna lena chinneadh.

15.2 Cinnteoidh an Coiste go mbeidh tuarascálacha á bhfáil aige ó rúnaí an Choiste maidir le neamhchomhlíonadh na ndaoine a bhfuil coinníollacha curtha ar a gclárú, laistigh den tréimhse shonraithe nó laistigh d'aon síneadh ama ar an tréimhse sin.

15.3 Sa chás go dteipeann ar dhuine na coinníollacha atá curtha lena chlárú/lena clárú a chomhlíonadh laistigh den tréimhse shonraithe nó laistigh d'aon síneadh ama

ar an tréimhse sin, bainfear den chlár é nó í. Leanfaidh baint den chlár ar aghaidh ar an mbealach atá leagtha amach in alt 44 den Acht.